Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2024/2019(DEC)

13.2.2025

TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023, Roinn III – an Coimisiún, gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus an naoú, an deichiú agus an t-aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag
(2024/2019(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Tomáš Zdechovský

PA_NonLegDec

TUAIRIM

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn atá déanta maidir le cláir náisiúnta na mBallstát a chur chun feidhme in 2023; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, in ainneoin an cheanglais gach ciste a chaitheamh don chlárthréimhse 2014-2020 faoi mhí an Mheithimh 2024, go bhfuil 18 % de chistí CTIL agus 25 % de chistí CSI a leithdháiltear ar na Ballstáit don tréimhse sin fós neamhdhearbhaithe;

2. ag cur suntas sa togra ón gCoimisiún chun uasteorainneacha Cheannteidil 4 agus 6 a mhéadú mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil d'fhonn cistiú leordhóthanach a áirithiú chun an Comhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann a chur chun feidhme; á chur i bhfáth gur gá cistiú leormhaith agus tráthúil ón Aontas a áirithiú do na Ballstáit agus do ghníomhaireachtaí an Aontais chun bainistiú éifeachtach theorainneacha seachtracha an Aontais a éascú, lena n-áirítear bearta chun imirce neamhrialta a chosc, ag tacú le dlí an Aontais a chur chun feidhme go rianúil i réimsí an tearmainn agus na himirce, agus comhlíonadh na gceart bunúsach á áirithiú ag an am céanna; á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn tráthúil na gcéimeanna riaracháin, oibríochtúla agus dlíthiúla, cuidiú leis na céimeanna sin agus grinnscrúdú a dhéanamh orthu, ar céimeanna iad a éilíonn na Ballstáit agus gníomhaireachtaí an Aontais chun an Comhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann a chur chun feidhme go hiomlán faoi Shamhradh 2026 i gcomhréir leis na spriocdhátaí a leagtar amach sa Chomhphlean Cur Chun Feidhme a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach an 12 Meitheamh 2024;

3. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, de réir na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Imirce (IOM), go bhfuair 8,565 dhuine ar a laghad bás ar bhealaí imirce ar fud an domhain in 2023, rud a fhágann gurb í an bhliain ba mharfaí riamh í d'imircigh; á chur in iúl gur oth léi, thairis sin, in ainneoin méid scáfar sin na mbásanna, gur lean líon na n-imirceach a tháinig isteach go neamhrialta san Aontas de bheith ag méadú in 2023 i gcomparáid leis na blianta roimhe sin; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil bearna shuntasach idir líon na gcinntí um fhilleadh arna n-eisiúint agus líon na mbeart fillte a chuirtear chun feidhme go héifeachtach, agus béim á leagan ar an ngá atá le beartas um fhilleadh níos éifeachtaí; ag tabhairt dá haire, thairis sin, nach mór don Choimisiún iarrachtaí níos láidre a dhéanamh chun cabhrú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar thrasnú teorann neamhrialta agus filleadh náisiúnach tríú tír a chur chun feidhme go rathúil; á iarraidh ar an gCoimisiún cabhrú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar imircigh neamhrialta, ar imirce dhleathach, agus ar lánpháirtiú náisiúnach tríú tír agus trédhearcacht agus cuntasacht chistí gnóthaí baile an Aontais i dtríú tíortha á bhfeabhsú ag an am céanna; á mheabhrú gur cheart don Choimisiún leanúint de ghníomhaíocht a dhéanamh maidir le himirce agus tearmann faoi chuimsiú na gníomhaíochta seachtraí, lena n-áirítear an cur chuige 'Foireann na hEorpa' agus ról na Parlaiminte á chosaint ag an am céanna; á iarraidh ar an gCoimisiún trédhearcacht agus cuntasacht chlársceidealú agus chur chun feidhme chistí gnóthaí baile an Aontais i dtríú tíortha a mhéadú; á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún tacú le gníomhaireachtaí an

Aontais agus leis na Ballstáit chun deireadh a chur le gnó na smuigleála daoine agus na gáinneála ar dhaoine sa Mheánmhuir, ionas nach dtabharfaidh imircigh faoi thurais farraige a chuireann beatha daoine i mbaol; á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar bheartais nua chun aghaidh a thabhairt ar an imirce neamhrialta i gcomhréir le prionsabal an *non-refoulement*;

4. ag tabhairt dá haire gur iarr na Ballstáit sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 9 Feabhra 2023 go ndéanfaí cistí agus acmhainní an Aontais a shlógadh chun cabhrú leis na Ballstáit cumais agus bonneagar faireachas ar theorainneacha a neartú, chomh maith le faireachas, chun trasnú teorann neamhúdaraithe a chosc agus chun coiriúlacht trasteorann a chomhrac, i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil atá ann cheana;

5. á aithint go bhfuil faireachán leanúnach á dhéanamh ag an gCoimisiún ar thagarmharcanna an smachta reachta trí bhosca uirlisí an smachta reachta, lena n-áirítear an tuarascáil bhliantúil ar an smacht reachta, agus á chur in iúl gur cúis bhuartha di go fóill, trí chur chuige róthaidhleoireachta a ghlacadh, nach ndéantar idirdhealú leis idir saincheisteanna aonair agus sistéamacha, go bhfuil an baol ann go ndéanfaí beag is fiú sa tuarascáil bhliantúil ar an smacht reachta de chuid de na sáruithe is tromchúisí agus/nó is leanúnaí ar an smacht reachta; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé measúnuithe a bhunú ar tháscairí sonracha agus intomhaiste, lena n-áirítear fianaise neamhspleách ar chur chun feidhme praiticiúil, chun meastóireacht níos beaichte agus níos cáilíochtúla ar thagarmharc an smachta reachta a áirithiú; ag tacú le hionstraimí airgeadais a nascadh, lena n-áirítear cistí téarnaimh, agus sár-gharspriocanna agus urraim do phrionsabail an smachta reachta, á gcomhlíonadh acu, agus á iarraidh ar an gCoimisiún ag an am céanna cur chuige níos córasaí, níos intuartha agus níos trédhearcaí a ghlacadh maidir le cistí a reo nó a dhíreo bunaithe ar chritéir oibiachtúla; á athdhearbhú gur oth léi an cinneadh ón gCoimisiún, agus go bhfuil imní mhór uirthi i dtaobh a dhlíthiúlachta, lenar thángthas ar an gconclúid, san Ungáir, gur comhlíonadh coinníoll cumasúcháin cothrománach na Cairte i ndáil le neamhspleáchas breithiúnach, ar cinneadh é a chuir ar chumas údaráis na hUngáire tús a chur le haisíocaíochtaí suas le EUR 10,2 billiún a éileamh ó chistí an Aontais; ag tathant ar an gCoimisiún coinníollacha DRF a áireamh, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a choimirciú i ngach ionstraim agus próiseas buiséadach, chomh maith leis an Rialachán maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta a chur i bhfeidhm tuilleadh agus gan mhoill i gcás inar gá; á iarraidh ar an gCoimisiún – agus an méid a thit amach idir an dá linn á chur san áireamh – bearta a dhéanamh i dtreo chur chun feidhme iomlán mholtaí na Parlaiminte maidir le sásra AE a bhunú don daonlathas, don smacht reachta agus do chearta bunúsacha, atá i rún uaithi an 25 Deireadh Fómhair 2016[1], agus a áirithiú go mbeidh teorainn ama leis na measúnuithe ar thagarmharcanna an smachta reachta agus go mbeidh na torthaí sa tuarascáil nasctha le beart ceangailteach atá níos beaichte agus níos cáilíochtúla ná mar atá faoi láthair, ag brath ní hamháin ar athruithe reachtacha, ach freisin ar fhíorfhianaise neamhspleách faoina gcur chun feidhme iarbhír;

6. á athdhearbhú gur cúis mhór bhuartha di na moilleanna ar nósanna imeachta an Choimisiúin chun rochtain ar dhoiciméid a dheonú; ag tathant ar an gCoimisiún bearta

[1] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Deireadh Fómhair 2016 maille le moltaí don Choimisiún maidir le sásra AE um an daonlathas, um an smacht reachta agus um chearta bunúsacha a bhunú (2015/2254(INL)) (IO C 215, 19.6.2018, lch. 162).

nithiúla a dhéanamh láithreach chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin go pras, i gcomhréir le moltaí na Parlaiminte, lena n-áiritheofar go gcuirfear rochtain ar dhoiciméid ar fáil ar bhealach tráthúil, éifeachtúil agus trédhearcach;

7. á chur in iúl gur oth léi go mór fós an easpa beart forfheidhmithe agus obair leantach reachtach déanta ag an gCoimisiún ar mholtaí na Parlaiminte maidir le húsáid Pegasus agus earraí spiaireachta coibhéiseacha agus bunú sásra AE maidir leis an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha i bhfoirm comhaontú idirinstitiúideach; á iarraidh go práinneach ar an gCoimisiún prionsabal an chomhair dhílis idir institiúidí an Aontais a urramú agus obair leantach a dhéanamh dá réir sin ar mholtaí na Parlaiminte; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, plean gníomhaíochta a thíolacadh, gan moill mhíchuí, chun mí-úsáid earraí spiaireachta san Aontas a chosc, agus leas iomlán á bhaint as na modhanna reachtacha agus neamhreachtacha uile atá ar fáil dá bhforáiltear sna Conarthaí.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir, faoina fhreagracht eisiach, nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine a luadh cheana san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH AG AN gCOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	6.2.2025
Toradh na vótála críochnaithí	+: 40 –: 14 0: 6
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Magdalena Adamowicz, Giuseppe Antoci, Jaume Asens Llodrà, Nikola Bartůšek, Krzysztof Brejza, Saskia Bricmont, Jaroslav Bžoch, Veronika Cifrová Ostrihoňová, Lena Düpont, Marieke Ehlers, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Branko Grims, Evin Incir, Irena Joveva, Erik Kaliňák, Marina Kaljurand, Fabienne Keller, András László, Juan Fernando López Aguilar, Erik Marquardt, Michael McNamara, Birgit Sippel, Krzysztof Śmiszek, Petra Steger, Cecilia Strada, Georgiana Teodorescu, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Charlie Weimers, Sophie Wilmès, Alessandro Zan, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Fredis Beleris, David Casa, Sigrid Friis, Markéta Gregorová, Hannah Neumann, Gaetano Pedulla', Sandro Ruotolo, Oliver Schenk, Alexander Sell, Bartłomiej Sienkiewicz, Malika Sorel, António Tânger Corrêa, Marco Tarquinio, Pekka Toveri, Loránt Vincze, Petar Volgin, Axel Voss, Michał Wawrykiewicz, Lucia Yar
Feisirí faoi Riail 216(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Bart Groothuis, Rima Hassan, Anja Hazekamp, Pär Holmgren, Sérgio Humberto, Evelyn Regner, Carla Tavares, Ingeborg Ter Laak

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

40	+
ECR	Georgiana Teodorescu, Charlie Weimers
ESN	Alexander Sell, Milan Uhrík
EPP	Magdalena Adamowicz, Fredis Beleris, Krzysztof Brejza, David Casa, Lena Düpont, Branko Grims, Sérgio Humberto, Oliver Schenk, Bartłomiej Sienkiewicz, Ingeborg Ter Laak, Pekka Toveri, Loránt Vincze, Axel Voss, Michał Wawrykiewicz, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský
Renew	Veronika Cifrová Ostrihoňová, Sigrid Friis, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Bart Groothuis, Irena Joveva, Fabienne Keller, Michael McNamara, Sophie Wilmès, Lucia Yar
S&D	Evin Incir, Marina Kaljurand, Juan Fernando López Aguilar, Evelyn Regner, Sandro Ruotolo, Birgit Sippel, Krzysztof Śmiszek, Cecilia Strada, Marco Tarquinio, Carla Tavares, Alessandro Zan

14	-
ESN	Petar Volgin
NI	Erik Kaliňák
TdE	Nikola Bartůšek, Jaroslav Bžoch, Marieke Ehlers, András László, Malika Sorel, Petra Steger, António Tânger Corrêa, Tom Vandendriessche
An Chlé	Giuseppe Antoci, Rima Hassan, Anja Hazekamp, Gaetano Pedulla'

6	0
Na Glasaigh/SCE	Jaume Asens Llodrà, Saskia Bricmont, Markéta Gregorová, Pär Holmgren, Erik Marquardt, Hannah Neumann

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh